Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 184

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

11 Iúil 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 lena gceartaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí** 1

★ **Rialachán (AE) 2022/1181 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena leasaítear brollach Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha** [1] 3

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1182 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2022 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint "Derecske alma" (TGFC)** 5

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1183 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a mhéid a bhaineann le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe áirithe a bhrath** [1] ... 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1184 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte** 9

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1185 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family"** [1] 29

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1186 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "L+R Propanol PT1 Family"** [1] 41

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNTÍ

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1187 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2022) 4873)* 56

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1188 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a mhéid a bhaineann le Ballstáit nó le codanna díobh a bhformheastar bearta náisiúnta ina leith maidir le galair áirithe ainmhithe uisceacha i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ([1]) 59

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1189 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022 maidir le bearta áirithe eatramhacha éigeandála a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Ghearmáin** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)4962)* ([1]) 66

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1180 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Eanáir 2022

lena gceartaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411 ([2]) ón gCoimisiún bhí earráid i Roinn 2, Caibidil II-1, Cuid B d'Iarscríbhinn I arna leasú a ghabhann le Treoir 2009/45/CE.

(2) Le Roinn 2, Caibidil II-1, Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411, ní eisiatar Rialachán 8.1 ó raon feidhme na coda ábhartha den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, arna dhéanamh i Londain an 1 Samhain 1974 (Coinbhinsiún SOLAS 1974), arna leasú, maidir le longa paisinéirí de chatagóirí B, C agus D.

(3) Le linn na caibidlíochta maidir le dréacht Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411, chomhaontaigh na saineolaithe, i ndáil leis na ceanglais maidir leis an bhFilleadh Sábháilte ar Chalafort a ionchódaítear i Rialachán 8.1 de Chaibidil II-1, Cuid B de Choinbhinsiún SOLAS 1974, nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ar longa paisinéirí de chatagóirí B, C agus D toisc go mbeadh sé sin díréireach tar éis na cúinsí ina n-oibrítear na longa de na catagóirí sin a mheas.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/45/CE a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I Roinn 2, Caibidil II-1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid B:

"CUID B —

Maidir leis na ceanglais sna forálacha iomchuí de Chaibidil II-1, codanna B go B-4 de SOLAS, arna leasú, cuirfidh na longa na ceanglais sin, seachas Rialachán 8-1, i bhfeidhm."

([1]) IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí, a mhéid a bhaineann le longa paisinéirí i mbun turais inmheánacha (IO L 83, 19.3.2020, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN (AE) 2022/1181 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena leasaítear brollach Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosmaideacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Aicmíodh an tsubstaint formaildéad (Uimh. CAS 50-00-0, Uimh. CE 200-001-8) mar charcanaigin (Catagóir 1B) agus mar íogróir craicinn (Catagóir 1) i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ([2]). De réir Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 cuirfear toirmeasc ar úsáid substaintí i dtáirgí cosmaideacha i gcás ina bhfuil na substaintí sin aicmithe mar shubstaintí carcanaigineacha de Chatagóir 1B san Iarscríbhinn sin. Mar sin, tá toirmeasc ar úsáid an fhormaildéid i dtáirgí cosmaideacha agus tá sé liostaithe faoi láthair in iontráil 1577 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009.

(2) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009, tá liosta de na substaintí is ceadmhach a úsáid mar leasaithigh i dtáirgí cosmaideacha. Cuid áirithe de na leasaithigh sin, bíonn siad ag scaoileadh formaildéid de réir a chéile chun feidhm chaomhnaithe a chomhlíonadh sa táirge cosmaideach deiridh (scaoilteoirí formaildéid a thugtar orthu sin). Úsáidtear scaoilteoirí formaildéid i dtáirgí cosmaideacha neamhshruthlaithe agus i dtáirgí sruthlaithe araon.

(3) Chun tomhaltóirí atá íograithe don fhormaildéad a chur ar an eolas gurb ann d'fhormaildéad a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach, leagtar amach i bpointe 2 de bhrollach Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 go gcuirfear lipéad ar na táirgí críochnaithe go léir ina bhfuil na substaintí atá liostaithe san Iarscríbhinn sin agus a scaoileann formaildéad, lipéad ar a mbeidh an rabhadh sonrach "tá formaildéad sa táirge seo", i gcás inar mó ná 0,05 % an tiúchan formaildéid atá sa táirge críochnaithe.

(4) Sa chomhairle eolaíoch ón gCoiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST) an 7 Bealtaine 2021 ([3]), thángthas ar an gconclúid nach leor an tairseach reatha 0,05 % (500 ppm) chun tomhaltóirí atá íograithe don fhormaildéad a chosaint. Ina theannta sin, tháinig an CEST ar an gconclúid gur cheart, chun formhór mór na dtomhaltóirí sin a chosaint, an tairseach atá ann faoi láthair maidir leis an gceanglas lipéadaithe a laghdú go 0,001 % (10 ppm), tairseach is ceart a chur i bhfeidhm maidir leis an méid iomlán formaildéid a scaoiltear, bíodh scaoilteoir formaildéid amháin i dtáirge nó bíodh níos mó ná scaoilteoir amháin ann.

(5) I bhfianaise thuairim CEST, an riosca féideartha do shláinte an duine de dheasca substaintí áirithe a scaoileann formaildéad a úsáid i dtáirgí cosmaideacha, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil an riosca sin ina údar maith le tairseach níos ísle ná an ceann is infheidhme faoi láthair maidir leis an gceanglas táirgí den sórt sin a lipéadú leis an rabhadh sonrach "tá formaildéad sa táirge seo". Ba cheart an tairseach sin a laghdú mar a mhol CEST. Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 a leasú dá réir.

([1]) IO L 342, 22.12.2009, lch. 59.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([3]) CEST (an Coiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí), Comhairle eolaíoch maidir leis an tairseach i leith an rabhaidh 'tá formaildéad sa táirge seo' in Iarscríbhinn V, pointe brollaigh 2 maidir le substaintí a scaoileann formaildéad, leagan deiridh an 7 Bealtaine 2021, SCCS/1632/21.

(6) Ba cheart tréimhse réasúnach ama a thabhairt don tionscal chun oiriúnú do na ceanglais nua trí na coigeartuithe is gá ar lipéadú na dtáirgí agus ar fhoirmliú na dtáirgí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí cosmaideacha a chomhlíonann na ceanglais nua ar an margadh. Ba cheart tréimhse réasúnach ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha freisin chun táirgí cosmaideacha a tharraingt siar, ar táirgí iad nach gcomhlíonann na ceanglais nua sin agus a cuireadh ar an margadh sula raibh feidhm ag an bhforáil nua lipéadúcháin. Mar sin, ós rud é go bhfuil an riosca a bhaineann le scaoilteoirí formaldéid réasúnta íseal agus i bhfianaise líon mór na dtáirgí cosmaideacha lena mbaineann, ba cheart gur 24 mhí agus 48 mí faoi seach a bheadh san idirthréimhse.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Cosmaideacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 2 den Bhrollach d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009:

"2. Na táirgí críochnaithe go léir ina bhfuil na substaintí atá liostaithe san Iarscríbhinn seo agus a scaoileann formaldéad, cuirfear lipéad orthu ar a mbeidh an rabhadh sonrach 'scaoileann an táirge seo formaldéad', i gcás inar mó ná 0,001 % (10 ppm) an tiúchan iomlán formaldéid a scaoiltear sa táirge críochnaithe, bíodh scaoilteoir formaldéid amháin sa táirge críochnaithe nó bíodh níos mó ná scaoilteoir amháin ann.

Mar sin féin, i gcás na dtáirgí críochnaithe go léir ina bhfuil substaintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chomhlíonann Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 de réir mar is infheidhme an 30 Iúil 2022, féadfar iad a chur ar mhargadh an Aontais go dtí an 31 Iúil 2024 agus féadfar iad a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais go dtí an 31 Iúil 2026."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1182 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Iúil 2022

lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint "Derecske alma" (TGFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Ungáir ar chlárú an ainm "Derecske alma" a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm "Derecske alma" a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm "Derecske alma" (TGFC) cláraithe anois.

Leis an ainm dá dtagraítear atá sa chéad mhír, sainítear táirge d'aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Iúil 2022

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 115, 11.3.2022, lch. 18.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1183 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a mhéid a bhaineann le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe áirithe a bhrath

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 23 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún ([2]) rialacha maidir le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe a bhrath. Go háirithe, déantar foráil in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 gur gá an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a bheith san áireamh i bhfógraí don Aontas, agus déantar foráil in Airteagal 5 de go liostófar in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin na réigiúin maidir le fógra a thabhairt agus maidir le tuairisciú arna mbunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]) déantar galair liostaithe a shainmhíniú ina ngalair de chatagóir A go catagóir E, agus foráiltear ann go mbeidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le galair a chosc agus a rialú i gcás galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/429, maidir leis na catagóirí galar liostaithe do na speicis agus grúpaí liostaithe de speicis liostaithe dá dtagraítear sa tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Na leasuithe atá le déanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 leis an Rialachán seo, ba cheart foráil a dhéanamh leo maidir le breis mionsonraí i leith na rialacha a bhaineann le galair chatagóir A i dtéarmaí fógra ráige i ndáil le láthair na ráige agus dáta an ghlanta agus an díghalraithe; tá údar leis na ceanglais fógra bhreise sin i gcás ghalair chatagóir A mar gheall ar an mbaol a bhaineann leo i ndáil le sláinte ainmhithe san Aontas.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([4]) forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le rialú galar i gcatagóirí A, B agus C. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le faisnéis mhionsonraithe bhreise a sholáthar maidir leis na bearta rialaithe galar agus an fhaisnéis chreata a bhaineann le ráigeanna ghalair chatagóir A, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a leasú chun faisnéis a áireamh faoi cé acu a tharla nó nár tharla an ráig i limistéar a bhfuil srianta i bhfeidhm air cheana féin i ndiaidh bunú zón srianta dá bhforáiltear in Airteagail 64, 70, 71, 257, 258 nó 259 de Rialachán (AE) 2016/429, toisc go bhfuil tionchar aige sin ar an riosca a bhaineann leis na ráigeanna sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe, maidir le formáidí agus nósanna imeachta chun cláir faireachais an Aontais agus cláir dhíothaithe a chur isteach agus a thuairisciú agus maidir le hiarratas ar stádas saor ó ghalair a aithint, agus maidir leis an gcóras faisnéise ríomhairithe (IO L 412, 8.12.2020, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

(4) Áirítear ar na bearta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 zóin srianta a bhunú i ndiaidh ráig de ghalar chatagóir A agus réamhghlanta agus réamh-dhíghalrú. Ba cheart faisnéis faoi na bearta sin a chur isteach ar bhealach níos soiléire faoi chuimsiú an fhógra don Aontas a cheanglaítear le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002.

(5) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 níl iontráil inti a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Chuige sin, ba cheart an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) a liostú in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 i gcás inarb ábhartha do Thuaisceart Éireann.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

"8. Réigiún agus láthair gheografach na ráige. I gcás na ngalar ar fad de chuid chatagóir A mar a shainítear in Airteagal 1, pointe (1), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, tabhair le fios má tharla an ráig in áit a bhfuil srianta i bhfeidhm uirthi cheana féin i ndiaidh bunú zón srianta i ndáil leis an ngalar céanna de chuid chatagóir A i gcomhréir le hAirteagail, 64, 70, 71, 257, 258 nó 259 de Rialachán (AE) 2016/429.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 15:

"15. Dáta críochnaithe an réamhghlanta agus an réamh-dhíghalraithe i ndiaidh ráige i measc ainmhithe ar coimeád d'aon ghalar chatagóir A mar a shainítear in Airteagal 1, pointe (1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882.";

(2) in Iarscríbhinn IV, leasaítear an tábla mar a leanas:

(a) cuirtear an ceannteideal seo a leanas agus an fonóta a ghabhann leis in ionad an cheannteidil:

"Ballstát (*)	Réigiúin maidir le fógra a thabhairt agus maidir le tuairisciú

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstát leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.";

(b) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

"An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	Oifig Tréidliachta Roinne"

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1184 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 ([1]), agus go háirithe Airteagal 30 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gCaibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 leagtar síos nósanna imeachta chun soithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ("Iascaireacht NNN") a shainaithint, mar aon le nósanna imeachta chun liosta an Aontais de na soithí sin a bhunú ("liosta an Aontais"). Foráiltear le hAirteagal 37 den Rialachán sin maidir le gníomhaíochtaí atá le déanamh i gcoinne soithí iascaireachta a áirítear ar an liosta sin.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh liosta an Aontais arna leasú ina dhiaidh sin le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 724/2011 ([3]), (AE) Uimh. 1234/2012 ([4]), (AE) Uimh. 672/2013 ([5]), (AE) Uimh. 137/2014 ([6]), (AE) 2015/1296 ([7]), (AE) 2016/1852 ([8]), (AE) 2017/2178 ([9]), (AE) 2018/1883 ([10]), (AE) 2020/269 ([11]) agus (AE) 2021/1120 ([12]).

(3) De réir Airteagal 30(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, soithí a áirítear ar liostaí soithí NNN, liostaí a ghlac eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, tá siad le háireamh ar liosta an Aontais.

([1]) IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 131, 29.5.2010, lch. 22).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 724/2011 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2011 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 194, 26.7.2011, lch. 14).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1234/2012 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí a bhí rannpháirteach in iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 350, 20.12.2012, lch. 38).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 672/2013 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí a bhí rannpháirteach in iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 193, 16.7.2013, lch. 6).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 137/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí a bhí rannpháirteach in iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 43, 13.2.2014, lch. 47).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1296 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 199, 29.7.2015, lch. 12).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1852 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 284, 20.10.2016, lch. 5).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2178 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 307, 23.11.2017, lch. 14).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1883 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 308, 4.12.2018, lch. 30).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/269 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 56, 27.2.2020, lch. 7).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1120 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 lena mbunaítear liosta an Aontais de shoithí atá gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta atá neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L 243, 9.7.2021, lch. 18).

(4) Leis na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh uile, foráiltear maidir le liostaí de shoithí NNN a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhréir lena rialacha faoi seach ([13]).

(5) De réir Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, nuair a gheobhaidh an Coimisiún na liostaí soithí iascaireachta a meastar nó a dhearbhaítear a bheith páirteach in iascaireacht NNN ó eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, tabharfaidh an Coimisiún liosta an Aontais cothrom le dáta. Ós rud é go bhfuair an Coimisiún liostaí nua ó na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, ba cheart liosta an Aontais a thabhairt cothrom le dáta anois.

(6) I bhfianaise go bhféadfaí an soitheach céanna a liostú faoi ainmneacha agus/nó faoi bhratacha éagsúla ag brath ar cén uair a chuirtear ar liostaí na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh é, ba cheart na hainmneacha agus/nó na bratacha éagsúla a áireamh ar liosta nuashonraithe an Aontais, faoi mar a bhunaigh na heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha bainistithe iascaigh iad.

(7) Baineadh an soitheach "Eros Dos" ([14]) den liosta a bhunaigh an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC), i gcomhréir le hAirteagal 44 de Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC. Ós rud é gurb í an eagraíocht ábhartha réigiúnach bainistithe iascaigh a rinne an cinneadh faoi théarmaí Airteagal 30(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, ba cheart an soitheach sin a bhaint de liosta an Aontais, in ainneoin nár scriosadh fós é ón liosta a bunaíodh leis an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), le hEagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) agus le hEagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO).

(8) An soitheach "Xin Shi Ji 16" ([15]) atá ar liosta an Aontais faoi láthair, baineadh é den liosta a bhunaigh an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha ("IATTC"), i gcomhréir le Rún C-15-01 ([16]) na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh sin. Ós rud é gurb í an eagraíocht ábhartha réigiúnach bainistithe iascaigh a rinne an cinneadh faoi théarmaí Airteagal 30(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, ba cheart an soitheach sin a bhaint de liosta an Aontais, in ainneoin nár scriosadh fós é ón liosta a bunaíodh leis an gCoimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC).

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 468/2010 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 468/2010.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([13]) Na nuashonruithe is déanaí ar liostaí soithí NNN: an Coinbhinsiún maidir le Beo-acmhainní Muirí san Antartach a chaomhnú (CCAMLR): Liosta Soithí NNN-PTN agus Liosta Soithí NNN-CP a glacadh ag an 40ú cruinniú bliantúil, ón 18 go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2021; An Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT): Liosta soithí NNN CCSBT a glacadh ag an 28ú Cruinniú Bliantúil de chuid an Choimisiúin, ón 11 go dtí an 13 Deireadh Fómhair 2021, liosta a tugadh cothrom le dáta an 18 Eanáir 2022; an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM): Liosta NNN a glacadh ag an 44ú seisiún den Choimisiún, ón 2 go dtí an 6 Samhain 2021; An Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC): Liosta Soithí NNN IATTC a glacadh ag an 95ú cruinniú de IATTC, an 4 Nollaig 2020; An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT): Liosta NNN a glacadh ag an 27ú Cruinniú Rialta an Choimisiúin, ón 15 go dtí an 23 Samhain 2021; An Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC): Liosta soithí NNN IOTC a glacadh ag an 25ú Cruinniú Bliantúil de chuid an Choimisiúin, ón 7 go dtí an 11 Meitheamh 2021, liosta a tugadh cothrom le dáta an 25 Feabhra 2022; Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO): Liosta NNN NAFO a glacadh ag an 43ú cruinniú bliantúil de chuid NAFO, ón 20 go dtí an 24 Meán Fómhair 2021; An Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC): Liosta NNN B a glacadh ag an 40ú cruinniú bliantúil de NEAFC, ón 9 go dtí an 12 Samhain 2021, liosta a tugadh cothrom le dáta an 1 Feabhra 2022; Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC): Liosta NNN NPFC a glacadh ag an 6ú cruinniú de chuid an Choimisiúin, ón 23 go dtí an 25 Feabhra 2021; Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO): Liosta Soithí NNN SEAFO 2022 a glacadh ag an 18ú cruinniú bliantúil de chuid an Choimisiúin, ón 24 go dtí an 25 Samhain 2021; Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA): Liosta Soithí NNN SIOFA a glacadh ag an 8ú Cruinniú de na Páirtithe, ón 5 go dtí an 9 Iúil 2021, a tugadh cothrom le dáta an 18 Feabhra 2022; An Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPFRMO): Liosta Soithí NNN 2022 a glacadh ag an 10ú cruinniú de chuid an Choimisiúin, ón 24 go dtí an 28 Eanáir 2022; Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC): Liosta Soithí NNN WCPFC le haghaidh 2020 a glacadh ag an 18ú Cruinniú Bliantúil den Choimisiúin, ón 29 Samhain go dtí an 7 Nollaig 2021, beidh feidhm aige ón 5 Feabhra 2022.

([14]) Uimhir aitheantais loinge IMO: 8604668.

([15]) Iarthagairt IATTC: 15579.

([16]) Tráth an díliostaithe, bhí feidhm ag Rún C-15-01 IATTC. Tabhair do d'aire gur leasaíodh an Rún sin in 2019 agus gur cuireadh Rún C-19-02 ó IATTC ina ionad.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"Cuid B

Soithí a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008

Uimhir aitheantais loinge IMO [1]/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh [2]	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí [2]	Liostaithe in ERBI [2]
417000878/1 [IOTC]/20210009 [ICCAT]	ABISHAK PUTHA 3	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20150046 [ICCAT]/2 [IOTC]	ABUNDANT 1 (dár gaireadh de réir ICCAT: YI HONG 6; dár gaireadh de réir CCSBT, IOTC, SIOFA: YI HONG 06)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150042 [ICCAT]/3 [IOTC]	ABUNDANT 12 (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: YI HONG 106)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150044 [ICCAT]/4 [IOTC]	ABUNDANT 3 (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: YI HONG 16)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20170013 [ICCAT]/5 [IOTC]	ABUNDANT 6 (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: YI HONG 86)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150043 [ICCAT]/6 [IOTC]	ABUNDANT 9 (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA : YI HONG 116)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20060010 [ICCAT]/7 [IOTC]	ACROS Uimh. 2	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: Hondúras)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20060009 [ICCAT]/8 [IOTC]	ACROS Uimh. 3	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: Hondúras)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
9 [IOTC]	AL'AMIR MUHAMMAD	An Éigipt	GFCM, IOTC, NEAFC, SIOFA
7306570/10 [IOTC]/20200001 [ICCAT]	ALBORAN II (dár gaireadh de réir GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO: WHITE ENTERPRISE)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir GFCM, IOTC, NAFO, NEAFC, SIOFA: Panama, San Críostóir-Nimheas; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: Panama)	GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO [1]/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh [2]	Stát Brataí nó Críoch Brataí [2]	Liostaithe in ERBI [2]
7036345/20190003 [ICCAT]/11[IOTC]	AMORINN (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO: ICEBERG II, LOME, NOEMI; dár gaireadh de réir GFCM, IOTC, SEAFO: ICEBERG II, NOEMI, LOME)	Ní fios (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, IOTC, SEAFO, SIOFA: Tóga, an Bheilís; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: Tóga)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20150001 [ICCAT]/12 [IOTC]	ANEKA 228	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150002 [ICCAT]/13 [IOTC]	ANEKA 228; KM.	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7236634/20190004 [ICCAT]/14[IOTC]	ANTONY (dár gaireadh: URGORA, ATLANTIC OJI MARU Uimh. 33, IOI MARU Uimh. 33)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, SEAFO: An Indinéis, an Bheilís, Panama, Hondúras, Veiniséala; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC, NEAFC, SIOFA: Veiniséala, Hondúras, Panama, an Bheilís, an Indinéis)	CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
7322897/20150024 [ICCAT]/15[IOTC]	ASIAN WARRIOR (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, NEAFC, SEAFO: KUNLUN, TAISHAN, CHANG BAI, HONGSHUI, HUANG HE 22, SIMA QIAN BARU 22, CORVUS, GALAXY, INA MAKA, BLACK MOON, RED MOON, EOLO, THULE, MAGNUS, DORITA; dár gaireadh de réir IOTC: DORITA)	Ní fios [de réir CCAMLR, ICCAT, IOTC, SEAFO, SIOFA], an Ghuine Mheánchiorclach [de réir IOTC] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR: An Indinéis, an Tansáin, an Chóiré Thuaidh (DPRK), Panama, Siarra Leon, an Chóiré Thuaidh (DPRK), an Ghuine Mheánchiorclach, San Uinseann agus na Greanáidíní, Uragua; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Ghuine Mheánchiorclach; San Uinseann agus na Greanáidíní, An Ghuine Mheánchiorclach; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir SEAFO, SIOFA: An Indinéis, an Tansáin, an Chóiré Thuaidh (DPRK), Panama, Siarra Leon, an Ghuine Mheánchiorclach, Uragua)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
9042001/20150047 [ICCAT]/16 [IOTC]	ATLANTIC WIND (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, NEAFC, SEAFO, SIOFA: ZEMOUR 2, LUAMPA, YONGDING, JIANGFENG, CHENGDU, SHAANXI HENAN 33, XIONG NU BARU 33, DRACO I, LIBERTY, CHILBO SAN 33, HAMMER, SEO YANG Uimh. 88, CARRAN; dár	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR: An Tansáin, an Ghuine Mheánchiorclach, an Indinéis, an Tansáin, an Chambóid, Panama, Siarra Leon, an Chóiré Thuaidh (DPRK), Tóga, Poblacht na Cóiré, Uragua; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: An Ghuine Mheánchiorclach; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SIOFA: An Tansáin, an Ghuine Mheánchiorclach, an Indinéis, an Chambóid, Panama, Siarra Leon, an	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
	gaireadh de réir IOTC: CARRAN)	Chóiré Thuaidh (DPRK), Tóga, Uragua; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SEAFO: An Tansáin, an Ghuine Mheánchiorclach, an Indinéis, an Chambóid, Panama, Siarra Leon, an Chóiré Thuaidh (DPRK), Tóga, an Chóiré Thuaidh (DPRK), Uragua; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: an Ghuine Mheánchiorclach)	
9037537/20190005 [ICCAT]/17 [IOTC]	BAROON (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO: LANA, ZEUS, TRITON I; dár gaireadh de réir IOTC: LANA, ZEUS, TRITON-1)	Ní fios [de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA], Ní fios [de réir GFCM] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir NEAFC: An Nigéir, an Mhongóil, Tóga, Siarra Leon; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, SEAFO: An Tansáin, an Nigéir, an Mhongóil, Tóga, Siarra Leon; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SIOFA: An Nigéir, an Mhongóil, Tóga, Siarra Leon, an Tansáin)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
12290 [IATTC]/ 20110011 [ICCAT]/18 [IOTC]	BHASKARA Uimh. 10	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: An Indinéis)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
12291 [IATTC]/ 20110012 [ICCAT]/19 [IOTC]	BHASKARA Uimh. 9	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: An Indinéis)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
20060001 [ICCAT]/20 [IOTC]	BIGEYE	Ní fios	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20040005 [ICCAT]/21 [IOTC]	BRAVO	Ní fios	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
9407 [IATTC]/ 20110013 [ICCAT]/22 [IOTC]	CAMELOT	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: An Bheilís)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
6622642/20190006 [ICCAT]/23 [IOTC]	CHALLENGE (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO: PERSEVERANCE, MILA; dár gaireadh de réir IOTC: MILA, PERSEVERANCE, MILA, ISLA, MONTANA CLARA, PERSEVERANCE)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, SEAFO: An Ghuine Mheánchiorclach, an Ríocht Aontaithe; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC, SIOFA: Panama, an Ghuine Mheánchiorclach, an Ríocht Aontaithe)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20150003 [ICCAT]/24 [IOTC]	CHI TONG	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7825215/125 [IATTC]/ 20110014 [ICCAT]/25-116 [IOTC]/ 280020064 [CCSBT/IATTC]	CHIA HAO Uimh. 66 [de réir CCSBT, IATTC, IOTC, GFC, M, SIOFA], SAGE [de réir ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA] (dár gaireadh de réir ICCAT: CHI FUW Uimh. 6, dár gaireadh de réir ICCAT: CHIA HAO Uimh. 66, CHI FUW Uimh. 6) ([3])	Ní fios [de réir CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, SIOFA], an Ghaimbia [de réir IOTC, NEAFC, SIOFA] (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, IATTC, NEAFC: An Bheilís; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: An Ghuine Mheánchiorclach; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Ghaimbia, an Séiséil, an Bheilís)	CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20190001 [ICCAT]/26 [IOTC]	CHOTCHAINAVEE 35 (dár gaireadh de réir SIOFA: CARRAN)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: Djibouti)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7330399/20190002 [ICCAT]/27 IOTC]	COBIJA (dár gaireadh de réir IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA: CAPE FLOWER; CAPE WRATH II; dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT: CAPE FLOWER, CAPE WRATH)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, IOTC, SEAFO, SIOFA: An Bholaiv, São Tomé agus Príncipe, An Afraic Theas, Ceanada; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir NEAFC, SIOFA: An Bholaiv; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Bholaiv, São Tomé agus Príncipe)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20080001 [ICCAT]/28 [IOTC]	DANIAA (dár gaireadh de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: CARLOS)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC: An Ghuine)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
6163 [IATTC]/ 20130005 [ICCAT]/29 [IOTC]/7742-PP [CCSBT/IATTC]	DRAGON III	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: An Chambóid)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
8025082/N467 [CCSBT]/20210010 [ICCAT]	EL SHADDAI (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO: BANZARE)	An Afraic Theas (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, CCSBT: Uragua)	CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20150004 [ICCAT]/31 [IOTC]	FU HSIANG FA 18	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150005 [ICCAT]/32 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 01	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150006 [ICCAT]/33 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 02	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20150007 [ICCAT]/34 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 06	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150008 [ICCAT]/35 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 08	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150009 [ICCAT]/36 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 09	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150010 [ICCAT]/37 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 11	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150011 [ICCAT]/38 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 13	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150012 [ICCAT]/39 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 17	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150013 [ICCAT]/40 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 20	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150014 [ICCAT]/41 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 21 [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC], FU HSIANG FA Uimh. 21a [de réir SIOFA]	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA
20130003 [ICCAT]/42 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 21 [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC], FA HSIANG FU [de réir GFCM, IOTC, NEAFC, SIOFA], FU HSIANG FA Uimh. 21b [de réir SIOFA]	Ní fios	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150015 [ICCAT]/43 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 23	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150016 [ICCAT]/44 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 26	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150017 [ICCAT]/45 [IOTC]	FU HSIANG FA Uimh. 30	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7355662/20130001 [ICCAT]/M-01432 [WCPFC,CCSBT]/46 [IOTC]	FU LIEN Uimh. 1	Ní fios [de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, NEAFC, SIOFA, WCPFC], an tSeoirsia [de réir IOTC] (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, NEAFC, WCPFC: An tSeoirsia)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA, WCPFC
20130004 [ICCAT]/47 [IOTC]	FULL RICH	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: An Bheilís)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20080005 [ICCAT]/48 [IOTC]	GALA I (dár gaireadh: MANARA II, ROAGAN)	Ní fios (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT: An Libia, Oileán Mhanann; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir IOTC, NEAFC: An Libia)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
6591 [IATTC]/ 20130006 [ICCAT]/49 [IOTC]	GOIDAU RUEY Uimh. 1 (dár gaireadh de réir CCSBT, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: GOIDAU RUEY 1)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: Panama)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
7020126/20190007 [ICCAT]/50 [IOTC]	GOOD HOPE (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, GFCM, NEAFC, SEAFO: TOTO; dár gaireadh de réir ICCAT, IOTC, SIOFA: TOTO, SEA RANGER V)	An Nigéir	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
6719419/51 [IOTC]/20200003 [ICCAT]	GORILERO (dár gaireadh: GRAN SOL)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: Siarra Leon, Panama)	GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20090003 [ICCAT]/52 [IOTC]	GUNUAR MELYAN 21	Ní fios	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
13 [NPFC]/53 [IOTC]	HAI DA 705	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
4000354/20200012 [ICCAT]/54 [IOTC]	HALELUYA	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Tansáin)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8529533/20200011 [ICCAT]/94 [IOTC]	HALIFAX [de réir CCCSBT ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA], MARIO 11 [de réir SIOFA] (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC: MARIO 11; dár gaireadh de réir SIOFA: MARIO N°11, MARIO 11) ([3])	An Namaib [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA]; an tSeineagáil [de réir SIOFA] (na bratacha is déanaí de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC: An tSeineagáil)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7322926/20190009 [ICCAT]/55 [IOTC]	HEAVY SEA (dár gaireadh: DUERO, JULIUS, KETA, SHERPA UNO)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLT, IOTC, SIOFA: Panama, San Críostóir-Nimheas; an Bheilís)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20150018 [ICCAT]/56 [IOTC]	HOOM XIANG 101	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: An Mhalaeisia)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20150019 [ICCAT]/57 [IOTC]	HOOM XIANG 103	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: An Mhalaeisia)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150020 [ICCAT]/58 [IOTC]	HOOM XIANG 105	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: An Mhalaeisia)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20100004 [ICCAT]/59 [IOTC]	HOOM XIANG II [de réir CCSBT, IOTC, SIOFA], HOOM XIANG 11 [de réir GFCM, ICCAT, NEAFC]	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: An Mhalaeisia)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7332218/60 [IOTC]/20200004 [ICCAT]	IANNIS 1 [de réir NEAFC], IANNIS I [de réir GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, SEAFO, SIOFA] (dár gaireadh de réir GFCM, SIOFA: MOANA MAR, CANOS DE MECA)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: Panama)	GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA
61 [IOTC]/20210001 [ICCAT]	IMULA 0730 KLT/LAKPRIYA 14 [de réir CCSBT, IOTC, NEAFC, SIOFA], IMULA 0730 KLT [de réir ICCAT]	Srí Lanca	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
62 [IOTC]/20210002 [ICCAT]	IMULA 0846 KLT/GOD BLESS [de réir CCSBT, IOTC, NEAFC, SIOFA], IMULA 0846 KLT [de réir ICCAT]	Srí Lanca	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
63 [IOTC]/20210003 [ICCAT]	IMUL-A-1028-TLE/DEWLI FISHING KUDAWELLA [de réir IOTC, NEAFC, SIOFA], IMUL-A-1028-TLE/DEWLI FISHING KUDAWELL [de réir CCSBT], IMUL-A-1028-TLE [de réir ICCAT]	Srí Lanca	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Brataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
64 [IOTC]/20210004 [ICCAT]	IND-TN-15-MM8297/ ARARAT/RESH MITHA [de réir CCSBT, IOTC, NEAFC, SIOFA], IND-TN-15-MM8297 [de réir ICCAT]	India	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8004076/20210006 [ICCAT]	ISRAR 1(dár gaireadh de réir SIOFA: MARCO N°21, MEGA N°2, TERANG SURYA, TUNA INDAH N°3)	Óman (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SIOFA: an tSeineagáil, an Bheilís)	CCSBT, ICCAT, SIOFA
8568694/20210007 [ICCAT]	ISRAR 2 (dár gaireadh de réir SIOFA: RICOS N°6, MARIO N°6, YUH PAO N°6)	Óman (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SIOFA: San Uinseann agus na Greanáidíní, an Tansáin, Vanuatú)	CCSBT, ICCAT, SIOFA
8568682/20210008 [ICCAT]	ISRAR 3 (dár gaireadh de réir SIOFA: RICOS N°3, MARIO N°3, YUH PAO N°3)	Óman (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SIOFA: San Uinseann agus na Greanáidíní, an Tansáin, Vanuatú)	CCSBT, ICCAT, SIOFA
6607666/20190008 [ICCAT]/65[IOTC]	JINZHANG [de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA], HAI LUNG [de réir GFCM, SEAFO] (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, SEAFO, SIOFA: HAI LUNG, YELE, RAY, KILY, CONSTANT, TROPIC, ISLA GRACIOSA; dár gaireadh de réir GFCM, SEAFO: YELE, RAY, KILY, CONSTANT, TROPIC, ISLA GRACIOSA; dár gaireadh de réir NEAFC: HAI LUNG, RAY, KILLY, TROPIC, ISLA CRACIOSA, CONSTANT; dár gaireadh de réir SIOFA: YELE, RAY, KILY, CONSTANT, TROPIC, ISLA GRACIOSA, CONSTANT) ([3])	Ní fios [de réir CCAMLR, GFCM, ICCAT, IOTC, SEAFO, SIOFA], Ní fios/an Bheilís [de réir NEAFC] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, SEAFO: Siarra Leon, an Bheilís, an Ghuine Mheánchiorclach, an Afraic Theas; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir NEAFC: An Afraic Theas; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: An Bheilís, an Mhongóil, an Ghuine Mheánchiorclach, an Afraic Theas, an Bheilís; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT, SEAFO: An Bheilís)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
9505 [IATTC]/ 20130007 [ICCAT]/66 [IOTC]	JYI LIH 88	Ní fios	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150021 [ICCAT]/67 [IOTC]	KIM SENG DENG 3	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7905443/20190010 [ICCAT]/68 [IOTC]	KOOSHA 4 (dár gaireadh de réir ICCAT, IOTC, SIOFA: EGUZKIA)	An Iaráin	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20150022 [ICCAT]/69 [IOTC]	KUANG HSING 127	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150023 [ICCAT]/70 [IOTC]	KUANG HSING 196	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7325746/71 [IOTC]/20200005 [ICCAT]	LABIKO [de réir GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir GFCM, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO: MAINE; dár gaireadh de réir IOTC: MAINE, CLAUDE MONIER, CHEVALIER D'ASSAS; dár gaireadh de réir ICCAT: CLAUDE MOINIER, MAINE)	Ní fios [de réir GFCM, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA], an Ghuine [de réir ICCAT] (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir GFCM, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA: An Ghuine; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: An Tansáin, an Ghuine Mheánchiorclach, an Indinéis, an Chambóid, Panama, Siarra Leon, an Chóiré Thuaidh (DPRK), Tóga, Uragua)	GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA
1 [NPFC]/72 [IOTC]	LIAO YUAN YU 071	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
2 [NPFC]/73 [IOTC]	LIAO YUAN YU 072	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
3 [NPFC]/74 [IOTC]	LIAO YUAN YU 9	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
20060007 [ICCAT]/75 [IOTC]	LILA Uimh. 10	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: Panama)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7388267/20190011 [ICCAT]/76[IOTC]	LIMPOPO (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, NEAFC, SEAFO: ROSS, ALOS, LENA, CAP GEORGE; dár gaireadh de réir IOTC: ROSS, ALOS, LENA, CAP GEORGE, CONBAROYA, TERCERO, LENA, ALOS, ROSS; dár gaireadh de réir ICCAT: ROSS, ALOS, LENA, CAP GEORGE, CONBAROYA, TERCERO)	Ní fios (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, IOTC, SEAFO, SIOFA: Tóga, Gána, na Séiséil, an Fhrainc; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir GFCM: Tóga, Gána, na Séiséil)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
28 [NPFC]/77 [IOTC]	LU RONG SHUI 158	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
14 [NPFC]/78 [IOTC]	LU RONG YU 1189	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
24 [NPFC]/79 [IOTC]	LU RONG YU 612	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO [1]/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh [2]	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí [2]	Liostaithe in ERBI [2]
17 [NPFC]/80 [IOTC]	LU RONG YUAN 101	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
18 [NPFC]/81 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 102	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
19 [NPFC]/82 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 103	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
20 [NPFC]/83 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 105	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
21 [NFPC]/84 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 106	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
22 [NPFC]/85 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 108	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
23 [NPFC]/86 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 109	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
25 [NPFC]/87 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 787	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
27 [NPFC]/88 [IOTC]	LU RONG YUAN YU 797	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
26 [NPFC]/89 [IOTC]	LU RONG YUAN YU YUAN 958	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
20150025 [ICCAT]/90 [IOTC]	MAAN YIH HSING	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20040007 [ICCAT]/91 [IOTC]	MADURA 2	Ní fios	CCSBT, IOTC, GFCM, ICCAT, NEAFC, SIOFA
20040008 [ICCAT]/92 [IOTC]	MADURA 3	Ní fios	CCSBT, IOTC, GFCM, ICCAT, NEAFC, SIOFA
20060002 [ICCAT]/93 [IOTC]	MARIA	Ní fios	CCSBT, IOTC, GFCM, ICCAT, NEAFC, SIOFA
20180002 [ICCAT]/95 [IOTC]/HSN5721 [CCSBT]	MARWAN 1 (dár gaireadh CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: AL WESAM 4, CHAICHANACHOKE 8)	An tSomáil (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: Djibouti, an Téalainn)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20060005 [ICCAT]/96 [IOTC]	MELILLA Uimh. 101 [3]	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: Panama)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20060004 [ICCAT]/97 [IOTC]	MELILLA Uimh. 103 [3]	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: Panama)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO [1]/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh [2]	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí [2]	Liostaithe in ERBI [2]
7385174/98 [IOTC]/20200006 [ICCAT]	MURTOSA	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA : Tóga)	GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA
14613 [IATTC]/ 20110003 [ICCAT]/M-00545 [WCPFC, CCSBT, ICCAT]/99 [IOTC]/C-00545 [IATTC/IOTC]	NEPTUNE	Ní fios [de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, SIOFA, WCPFC], an tSeoirsia [de réir IATTC, IOTC, NEAFC] (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, SIOFA, WCPFC: An tSeoirsia)	CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA, WCPFC
20160001 [ICCAT]/100 [IOTC]	NEW BAI I Uimh. 168 (dár gaireadh de réir SIOFA: TAI YUAN Uimh. 227; dár gaireadh de réir ICCAT: SAMUDERA)	Ní fios [de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC], an Libéir [de réir SIOFA] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Libéir, an Indinéis)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8808654/50628PE XT [CCSBT]/101 [IOTC]/20210005 [ICCAT]	NIKA	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, ICCAT, IOTC, NEAFC: Panama)	CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20060008 [ICCAT]/102 [IOTC]	Uimh. 2 CHOYU	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: Hondúras)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20060011 [ICCAT]/103 [IOTC]	Uimh. 3 CHOYU	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: Hondúras)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8808903/20190012 [ICCAT]/104[IOTC]	NORTHERN WARRIOR (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, SEAFO, SIOFA; MILLENNIUM, SIP 3; dár gaireadh de réir NEAFC: MILLENNIUM, SHIP 3)	Angóla (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, IOTC, SEAFO, SIOFA: Curacao, Aintillí na hÍsiltíre, an Afraic Theas, an Bheilís, Maracó)	CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20040006 [ICCAT]/107 [IOTC]	OCEAN DIAMOND	Ní fios	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8665193/20200010 [ICCAT]/108 [IOTC]	OCEAN STAR Uimh. 2 (dár gaireadh de réir ICCAT: WANG FA)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: Vanuatú, an Bholaiv)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
11369 [IATTC]/ 20130008 [ICCAT]/110 [IOTC]	ORCA	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: An Bheilís)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20060012 [ICCAT]/111 [IOTC]	ORIENTE Uimh. 7	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: Hondúras)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
5062479/20190013 [ICCAT]/112 [IOTC]	PERLON (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO: CHERNE, BIGARO, HOKING, SARGO, LUGALPESCA; dár gaireadh de réir IOTC: CHERNE, SARGO, HOKING, BIGARO, UGALPESCAA; dár gaireadh de réir GFCM, SIOFA: CHERNE, SARGO, HOKING, BIGARO, LUGALPESCA)	Ní fios (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, IOTC, SEAFO, SIOFA: An Mhongóil, Tóga, Uragua; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir GFCM: Uragua, an Mhongóil, Tóga)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
9319856/20150033 [ICCAT]/113 [IOTC]	PESCACISNE 1/PESCACISNE 2 (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, NEAFC, SEAFO, SIOFA: ZEMOUR 1, KADEI, SONGHUA, YUNNAN, NIHEWAN, HUIQUAN, WUTAISHAN ANHUI 44, YANGZI HUA 44, TROSKY, PALOMA V; dár gaireadh de réir IOTC: PALOMA V)	Ní fios [de réir CCAMLR, GFCM, ICCAT, NEAFC, SEAFO, SIOFA], an Mháratáin [de réir IOTC] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, SEAFO, SIOFA: an Mháratáin, an Ghuine Mheánchiorclach, an Indinéis, an Tansáin, an Mhongóil, an Chambóid, an Namaib, Uragua; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: An Ghuine Mheánchiorclach; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: an Mháratáin, an Ghuine Mheánchiorclach)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
20180003 [ICCAT]/114 [IOTC]/K22/IS/2019 [CCSBT]	PROGRESO (dár gaireadh: AL WESAM 5, CHAINAVEE 54)	Camarún [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA], Ní fios [de réir NEAFC] (na bratacha is déanaí de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: Djibouti, an Téalainn)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
95 [IATTC]/20130009 [ICCAT]/115 [IOTC]	MADURA 6	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: An Bheilís)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
20130013 [ICCAT]/117 [IOTC]	SAMUDERA PASIFIK Uimh. 18 (dár gaireadh de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC: KAWIL Uimh. 03, LADY VI-T-III)	An Indinéis	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20150026 [ICCAT]/118 [IOTC]	SAMUDERA PERKASA 11	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150027 [ICCAT]/41 [IOTC]/119 [IOTC]	SAMUDERA PERKASA 12 [de réir ICCAT, NEAFC], SAMUDRA PERKASA 12 [de réir CCSBT, IOTC, SIOFA]	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7424891/20190014 [ICCAT]/120 [IOTC]	SEA URCHIN (dár gaireadh ALDABRA, OMOA I)	An Ghaimbia/Gan stát [de réir CCAMLR, CCSBT, SEAFO], an Ghaimbia [de réir GFCM, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA] Ní fios [de réir ICCAT] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR, IOTC, SEAFO, SIOFA: An Tansáin, Hondúras; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Ghaimbia)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA
8692342/20180004 [ICCAT]/121 [IOTC] HSB3852 [IOTC/CCSBT]	SEA VIEW [de réir ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA], SEAVIEW [de réir CCSBT] (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: AL WESAM 2, CHAINAVEE 55)	Camarún (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: Djibouti, an Téalainn)	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8692354/20180005 [ICCAT]/122 [IOTC]/HSN5282 [IOTC/CCSBT]	SEA WIND (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: AL WESAM 1, SUPPHERMNAVEE 21)	Camarún (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, IOTC, SIOFA: Djibouti, an Téalainn; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Téalainn	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20080004 [ICCAT]/123 [IOTC]	SHARON 1 (dár gaireadh de réir GFCM, SIOFA: MANARA I, POSEIDON; dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT, IOTC: MANARA 1, POSEIDON)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir GFCM, IOTC, SIOFA: An Libia; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, ICCAT: An Libia, an Ríocht Aontaithe)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20170014 [ICCAT]/124 [IOTC]	SHENG JI QUN 3	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150028 [ICCAT]/125 [IOTC]	SHUEN SIANG	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20170015 [ICCAT]/126 [IOTC]	SHUN LAI (dár gaireadh CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: HSIN JYI WANG Uimh. 6)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
20150029 [ICCAT]/127 [IOTC]	SIN SHUN FA 6	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150030 [ICCAT]/128 [IOTC]	SIN SHUN FA 67	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150031 [ICCAT]/129 [IOTC]	SIN SHUN FA 8	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150032 [ICCAT]/130 [IOTC]	SIN SHUN FA 9	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20050001 [ICCAT]/131 [IOTC]	SOUTHERN STAR 136 (dár gaireadh de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: HSIANG CHANG)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: San Uinseann agus na Greanáidíní)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150034 [ICCAT]/132 [IOTC]	SRI FU FA 168	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150035 [ICCAT]/133 [IOTC]	SRI FU FA 18	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150036 [ICCAT]/134 [IOTC]	SRI FU FA 188	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150037 [ICCAT]/135 [IOTC]	SRI FU FA 189	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150038 [ICCAT]/136 [IOTC]	SRI FU FA 286	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150039 [ICCAT]/137 [IOTC]	SRI FU FA 67	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150040 [ICCAT]/138 [IOTC]	SRI FU FA 888	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
8514772/20190015 [ICCAT]/139 IOTC]	STS-50 (dár gaireadh de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, NEAFC, SEAFO: AYDA, SEA BREEZE, ANDREY DOLGOV, STD Uimh. 2, SUN TAI Uimh. 2, SHINSEI MARU Uimh. 2; dár gaireadh de réir IOTC, SIOFA: AYDA, SEA BREEZ 1, ANDREY DOLGOV, STD Uimh. 2, SUNTAI Uimh. 2, SUN TAI Uimh. 2, SHINSEI MARU Uimh. 2; dár gaireadh de réir GFCM: AYDA, SEA BREEZE, ANDREY DOLGOV, STD Uimh. 2, SUNTAI Uimh. 2, SUN TAI Uimh. 2, SHINSEI MARU Uimh. 2)	Tóga [de réir CCAMLR, CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA], Ní fios [de réir GFCM] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir CCAMLR: An Chambóid, Poblacht na Cóiré, na hOileáin Fhilipíneacha, an tSeapáin, an Namaib, an tSeapáin; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir SEAFO: An Chambóid, Poblacht na Cóiré, na hOileáin Fhilipíneacha, an tSeapáin, an Namaib; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: An Chambóid, Poblacht na Cóiré, na hOileáin Fhilipíneacha, an tSeapáin, an Namaib, Tóga)	CCAMLR, CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO [1]/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh [2]	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí [2]	Liostaithe in ERBI [2]
7816472/109 [IOTC]/20200008 [ICCAT]	SUMMER REFER [de réir GFCM, NEAFC], OKAPI MARTA [de réir ICCAT, IOTC, SIOFA] (dár gaireadh de réir SIOFA: SUMMER REFER; dár gaireadh de réir GFCM, NEAFC: OKAPI MARTA)	Ní fios [de réir GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA], an Bheilís [de réir IOTC] (na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Bheilís)	GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
9259070/9405 [IATTC]/20130010 [ICCAT]/140 [IOTC]	TA FU 1	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, IATTC, ICCAT, IOTC, NEAFC: An Bheilís)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
13568 [IATTC]/ 20130011 [ICCAT]/141 [IOTC]/490810002 [CCSBT/IATTC]	TCHING YE Uimh. 6 (dár gaireadh de réir GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: EL DIRIA I)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA: An Bheilís; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: An Bheilís, Cósta Ríce)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150041 [ICCAT]/142 [IOTC]	TIAN LUNG Uimh. 12	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
7321374/143 [IOTC]/20200009 [ICCAT]	TRINITY (dár gaireadh de réir NAFO: YUCUTAN BASIN, ENXEMBRE, FONTE NOVA, JAWHARA; dár gaireadh de réir ICCAT, IOTC, NEAFC, SEAFO: ENXEMBRE, YUCUTAN BASIN, FONTENOVA, JAWHARA)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir GFCM: Gána; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir NAFO: Gána, Panama; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC, NEAFC, SEAFO, SIOFA: Gána, Panama, Maracó; an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir ICCAT: Panama, Maracó)	GFCM, ICCAT, IOTC, NAFO, NEAFC, SEAFO, SIOFA
29 [NPFC]/105 [IOTC]	Ní fios [de réir NEAFC, NFPC], NPFC 29 Ní fios [de réir IOTC, SIOFA]	Ní fios	IOTC, NEAFC [4], NPFC, SIOFA
30 [NPFC]/106 [IOTC]	Ní fios [de réir NEAFC, NFPC], NPFC 30 Ní fios [de réir IOTC, SIOFA]	Ní fios	IOTC, NEAFC [4], NPFC, SIOFA
34 [NPFC]	Ní fios [de réir NFPC], NPFC 34-Ní fios [de réir SIOFA]	Ní fios	NPFC, SIOFA
35 [NPFC]	Ní fios [de réir NFPC], NPFC-35-Ní fios [de réir SIOFA]	Ní fios	NPFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO ([1])/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh ([2])	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí ([2])	Liostaithe in ERBI ([2])
36 [NPFC]	Ní fios [de réir NFPC], NPFC-36-Ní fios [de réir SIOFA]	Ní fios	NPFC, SIOFA
8994295/129 [IATTC]/ 20130012 [ICCAT]/144 [IOTC]/280110095 [CCSBT/IATTC]	WEN TENG Uimh. 688/ MAHKOIA ABADI Uimh. 196 [de réir GFCM, IATTC, SIOFA], WEN TENG Uimh. 688 [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC] (dár gaireadh de réir ICCAT, IOTC: MAHKOIA ABADI Uimh. 196)	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas: An Bheilís)	CCSBT, GFCM, IATTC, IOTC, NEAFC, SIOFA
7826233/20090001 [ICCAT]/145 [IOTC]	XING HAI FENG [de réir CCSBT, IOTC]; XING HAI FEN [de réir ICCAT, NEAFC, SIOFA]; OCEAN LION [de réir GFCM]; (dár gaireadh CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA: OCEAN LION) ([3])	Ní fios [de réir GFCM, IOTC, NEAFC], Panama [de réir CCSBT, ICCAT, SIOFA] (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, SIOFA: An Ghuine Mheánchiorclach; na bratacha is déanaí atá ar eolas de réir IOTC: Panama, an Ghuine Mheánchiorclach)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20150045 [ICCAT]/146 [IOTC]	YI HONG 3	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20130002 [ICCAT]/147 [IOTC]	YU FONG 168	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA, WCPFC: an Téaváin)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA, WCPFC
	YU FONG 168	Ní fios	An Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT)
20090002 [ICCAT]/148 [IOTC]	YU MAAN WON	Ní fios (an bhratach is déanaí atá ar eolas de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, SIOFA: An tSeoirsia)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
31 [NPFC]/412356488 [SIOFA]/149 [IOTC]	YUANDA 6	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
32[NPFC]/412365486 [SIOFA]/150[IOTC]	YUANDA 8	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
20170016 [ICCAT]/151 [IOTC]	ABUNDANT 3 (dár gaireadh CCSBT, ICCAT, IOTC, SIOFA: HUNG SHENG Uimh. 166)	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
20170017 [ICCAT]/152 [IOTC]	YUTUNA Uimh. 1	Ní fios	CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA

Uimhir aitheantais loinge IMO [1]/Tagairt ERBI	Ainm an tsoithigh [2]	Stát Brataí nó Críoch Bhrataí [2]	Liostaithe in ERBI [2]
15 [NPFC]/153 [IOTC]	ZHE LING YU LENG 90055	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
16 [NPFC]/154 [IOTC]	ZHE LING YU LENG 905	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
33 [NPFC]/412123526 [SIOFA]/155 [IOTC]	ZHEXIANG YU 23029	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
7302548/2006003 [ICCAT]/156 [IOTC]	ZHI MING [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA], Uimh. 101 GLORIA [de réir GFCM, SIOFA] (dár gaireadh de réir CCSBT, ICCAT: GOLDEN LAKE, Uimh. 101 GLORIA; dár gaireadh de réir GFCM, SIOFA: GOLDEN LAKE; dár gaireadh de réir NEAFC: N°101 GLORIA) [3]	An Mhongóil [de réir CCSBT, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA] Ní fios [de réir GFCM, SIOFA] (na bratacha is déanaí de réir CCSBT, GFCM, ICCAT, SIOFA: Panama)	CCSBT, GFCM, ICCAT, IOTC, NEAFC, SIOFA
4 [NPFC]/157 [IOTC]	ZHOU YU 651	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
5 [NPFC]/158 [IOTC]	ZHOU YU 652	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
6 [NPFC]/159 [IOTC]	ZHOU YU 653	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
7 [NPFC]/160 [IOTC]	ZHOU YU 656	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
8 [NPFC]/161 [IOTC]	ZHOU YU 657	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
9 [NPFC]/162 [IOTC]	ZHOU YU 658	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
10 [NPFC]/163 [IOTC]	ZHOU YU 659	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
11 [NPFC]/164 [IOTC]	ZHOU YU 660	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA
12 [NPFC]/165 [IOTC]	ZHOU YU 661	Ní fios	IOTC, NEAFC, NPFC, SIOFA

[1] An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

[2] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féachtar ar shuíomhanna gréasáin na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

[3] Rinne ERBInna áirithe an soitheach sin a liostú roinnt uaireanta; dá bhrí sin, tá an t-eolas go léir cóipeáilte sa ró céanna. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féachtar ar shuíomhanna gréasáin na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

[4] Chuir NEAFC soitheach amháin ar a liosta soithí NNN, tar éis a chrosliostaithe le liosta NPFC, agus 'NÍ FIOS' luaite faoi ainm; ní féidir a dhéanamh amach, áfach, cén soitheach lena mbaineann an tagairt sin. Dá bhrí sin, déantar tagairt do NEAFC i gcás an dá shoitheach a bhfuil 'NÍ FIOS' luaite leo."

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1185 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family"

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Nollaig 2020, chuir Contec Europe iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le fine táirgí bithicídeacha a údarú ar a dtugtar "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family" de chineál táirge 2, faoi mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug siad daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Slóivéine meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-PP063133-29 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is í sárocsaíd hidrigine substaint ghníomhach "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family", ar substaint í a airítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineáil táirge 2.

(3) An 26 Bealtaine 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnachta mar aon le conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht").

(4) An 15 Nollaig 2021, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([2]) faoi bhráid an Choimisiúin, tuairim lenar áiríodh an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family" agus an tuarascáil mheasúnachta deiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur "fine táirgí bithicídeacha" atá in "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 19 Eanáir 2022, sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family" a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) ECHA opinion of 29 November 2021 on the Union authorisation of 'Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family' [Tuairim ó ECHA an 29 Samhain 2021 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family"] (ECHA/BPC/298/2021), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027735-0000 do Contec Europe maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha "Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an tÚdarú Aontais bailí ón 31 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family

Cineál táirge 2 — Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0027735-0000

Uimhir shócmhainne R4BP: EU-0027735-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Contec Hydrogen Peroxide Biocidal Product Family

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 — Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Contec Europe
	Seoladh	Zl Du Prat Avenue Paul Duplaix, 56000 Vannes An Fhrainc
Uimhir an údaraithe	EU-0027735-0000	
Uimhir shócmhainne R4BP	EU-0027735-0000	
Dáta an údaraithe	31 Iúil 2022	
Dáta éaga an údaraithe	30 Meitheamh 2032	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Contec Inc.,
Seoladh an déantóra	525 Locust Grove,, 29303 Spartanburg, Stáit Aontaithe Mheiriceá
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Unit 6A, Wansbeck Business Park, Rotary Parkway,, NE63 8QW Ashington, An Ríocht Aontaithe

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Hydrogen peroxide
Ainm an déantóra	Solvay Chemicals International
Seoladh an déantóra	Rue Ransbeek 310, 1120 Brussels, An Bheilg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Rue Solvay 39,, B-5190 Jemeppe-sur-Sambre, An Bheilg Via Piave 6, Rosignano Solvay,, I-57013 Livorno, An Iodáil Köthensche Strasse 1-3,, D06406 Bernburg, An Ghearmáin Baronet Road,, WA4 6HA Warrington, An Ríocht Aontaithe Yrjönojantie 2,, 45910 Voikkaa, An Fhionlainn Rua Eng. Clement Dumoulin,, P-2625-106 Povoa de Santa Iria, An Pholainn

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Hydrogen peroxide		Substaint Ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6,67	6,67

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE — SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	meta SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 — Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Hydrogen peroxide		Substaint Ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6,67	6,67

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1**

Ráitis ghuaise	Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe. Caith cosaint súl / cosaint aghaidh.. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Má mhaireann an greannú súl: Faigh cóir leighis. Má mhaireann an greannú súl: Faigh comhairle leighis.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1. Úsáid # 1 — Úsáid #1 — Cuirtear le sprae truicir ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain é lena scaipeadh thar an dromchla laistigh d'aonraitheoirí agus de Chórais Bacainní um Rochtain Theoranta ("RABS")

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach/spriocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: /

	Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: /
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon In aonraitheoirí agus in RABS atá suite i seomraí íonghlana: dífhabhtú dromchlaí crua/neamhphóiriúla. Ná húsáidtear i gcúram sláinte.
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: An táirge a spraeáil ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain a úsáidtear chun an táirge a scaipeadh thar an dromchla. Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: / Airí caolaithe: Gan chaolú — tá an táirge réidh le húsáid ('RTU') Airí uainithe: Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C). Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal poileitiléine ard-dlúis (PEAD) 1 L atá feistithe le sprae truicir inchoigeartaithe agus séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil an táirge ar cheirtín seomra íonghlain laistigh den aonraitheoir nó de RABS agus úsáid é chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m^2. Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ná haistrigh an táirge chuig an tsúil leis an lámh.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2. Úsáid # 2 — Úsáid #2 — Doirtear i ngabhdán é agus úsáidtear ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain lena scaipeadh thar an dromchla laistigh d'aonraitheoirí agus RABS

An cineál táirge	PT02 — Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach/spriocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: /
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon In aonraitheoirí agus in RABS atá suite i seomraí íonghlana: dífhabhtú dromchlaí crua/neamhphóiriúla. Ná húsáidtear i gcúram sláinte.
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: An táirge a dhoirteadh i ngabhdán oiriúnach agus ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain a úsáid ansin lena scaipeadh thar an dromchla. Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: / Airí caolaithe: Gan chaolú — tá an táirge réidh le húsáid. Airí uainithe: Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C). Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal PEAD 0,5 L, 1 L agus 5 L a bhfuil claibín air a léiríonn má sháraítear é agus atá séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh.

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Doirt an táirge i ngabhdán oiriúnach laistigh den aonraitheoir nó de RABS agus úsáid ceirtín nó mapa seomra íonghlain chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m^2. Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ná haistrigh an táirge chuig an tsúil leis an lámh.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3. Úsáid # 3 — Úsáid #3 — Cuirtear le sprae truicir ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain é lena scaipeadh thar dhromchla seomraí íonghlana

An cineál táirge	PT02 — Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach/spriocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: /
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla i seomraí íonghlana. Ná húsáidtear i gcúram sláinte.
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Spraeáil an táirge ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain a úsáidtear chun an táirge a scaipeadh thar an dromchla. Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: / Airí caolaithe: Gan chaolú — tá an táirge réidh le húsáid. Airí uainithe: Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C). Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach.

Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal PEAD 1 L atá feistithe le sprae truicir inchoigeartaithe agus séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh.

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Spraeáil an táirge ar cheirtín seomra íonghlain agus úsáid é chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú sa seomra íonghlan. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m^2. Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Níl an táirge le cur ach ar dhromchlaí beaga atá le dífhabhtú.

Ní mór súilchosaint a chaitheamh agus an táirge á láimhseáil.

Chun é a úsáid i seomraí íonghlana, ní mór rialuithe teicniúla/innealtóireachta leordhóthanacha a bheith ann chun iarmhair aeriompartha a bhaint, e.g. aeráil seomra nó aeráil astaíochtaí áitiúla ("LEV"). Ní mór íosráta aerála 360/uair a bheith ann le haghaidh seomraí íonghlana ina n-úsáidtear an táirge.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4. Úsáid # 4 — Úsáid #4 — Doirtear i ngabhdán é agus úsáidtear ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain lena scaipeadh thar dhromchla seomraí íonghlana

An cineál táirge	PT02 — Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	/
Spriocorgánach/spriocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: / Ainm eolaíoch: / Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: /
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla i seomraí íonghlana. Ná húsáidtear i gcúram sláinte.

Modh/modhanna úsáide	Airí modha: An táirge a dhoirteadh i ngabhdán oiriúnach agus ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain a úsáid ansin lena scaipeadh thar an dromchla Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: /
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: / Airí caolaithe: Gan chaolú — tá an táirge réidh le húsáid. Airí uainithe: Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C). Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach.
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal PEAD 0,5 L, 1 L agus 5 L a bhfuil claibín air a léiríonn má sháraítear é agus atá séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh.

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Doirt an táirge i ngabhdán oiriúnach agus úsáid ceirtín nó mapa seomra íonghlain chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú sa seomra íonghlan. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m^2. Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ná doirtear an táirge ach amháin i seomraí aeráilte (ina bhfuil trí cinn, ar a laghad, de mhalartuithe aeir san uair).

Ní mór súilchosaint a chaitheamh agus an táirge á láimhseáil.

Chun é a úsáid i seomraí íonghlana, ní mór rialuithe teicniúla/innealtóireachta leordhóthanacha a bheith ann chun iarmhair aeriompartha a bhaint, e.g. aeráil seomra nó LEV. Ní mór íosráta aerála 360/uair a bheith ann le haghaidh seomraí íonghlana ina n-úsáidtear an táirge.

Má dhéantar an táirge a chuimilt le dromchla, ní mór an dífhabhtú a bheith teoranta do limistéar beag.

Nuair a úsáidtear an táirge in éineacht le mapa chun urláir nó dromchlaí móra eile i seomraí íonghlana a dhífhabhtú, ní mór bearta breise maolaithe riosca a chur san áireamh:

— Ní mór don úsáideoir gairmiúil agus do gach duine eile den phearsanra atá sa seomra trealamh cosanta riospráide a úsáid a bhfuil fachtóir cosanta 10 aige. Tá gá, ar a laghad, le hanálaitheoir cumhachtaithe íonaithe aeir ag a bhfuil clogad/cochall/masc (TH1/TM1) nó leathmhasc/masc iomlán a bhfuil comhscagaire gáis/P2 aige (an cineál scagaire (cód litreach, daite) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis faoin táirge).

— Ní mór don phearsanra ar fad an seomra a fhágáil tar éis a mhapála.

— Ní mór rialuithe teicniúla nó innealtóireachta a bheith ann chun iarmhair aeriompartha a bhaint (e.g. aeráil nó LEV) sula gceadaítear do ghairmithe dul isteach i limistéir a cóireáladh trí dhromchlaí móra a dhífhabhtú. Déan faireachán ar an tiúchan aeir agus áirithigh nach sáraítear an luach teorann (1,25 mg/m^3) nuair a théann gairimithe isteach sa limistéar arís.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** ([1]) **MAIDIR LE META SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Féach na treoracha úsáidsonracha úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Ní mór ceirtíní úsáidte a dhiúscairt i ngabhán dúnta.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

ÉIFEACHTAÍ DÍREACHA/INDÍREACHA

Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. Ní heol aon ghortú sláinte eile a bheith ann ná ní mheastar go mbeidh agus gnáthúsáid á baint as.

TREORACHA GARCHABHRACH

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal. Tabhair deoch don té a nochtadh má tá sé/sí in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Sruthlaítear an craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear le huisce iad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

BEARTA ÉIGEANDÁLA CHUN AN COMHSHAOL A CHOSAINT

Ná scaoiltear amach sa chomhshaol.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ba cheart an pacáistiú seo a dhiúscairt ar bhealach a chomhlíonann i gcónaí an reachtaíocht diúscartha dramhaíola agus aon riachtanas ó údaráis áitiúla réigiúnacha.

Ná scaoil an chuid den táirge nár úsáideadh ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, i bpíopaí (sa doirteal, sna leithris etc.) ná i ndraenacha.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Déan é a stóráil i limistéar tirim dea-aeráilte agus a chosaint ar dhamáiste agus ar sholas díreach na gréine.

Déan é a stóráil in umair stórála arna ndearadh go cuí nó sa ghabhdán bunaidh aeráilte.

Coimeád an gabhdán dúnta go teann.

Ná reoigh.

Ná stóráil ag teocht os cionn 30°C.

Seilfré: 24 mhí

6. **FAISNÉIS EILE**

Ní bhaineann le hábhar.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1**

7.1. **Trádainm/trádainmneacha, uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/ trádainmneacha	Contec HydroPure		Réimse margaidh: EU		
	Contec Sterile HydroPure		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027735-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Hydrogen peroxide		Substaint Ghníomhach	7722-84-1	231-765-0	6,67

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1186 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "L+R Propanol PT1 Family"

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Aibreán 2019, chuir Lohmann & Rauscher International GmbH&Co.KG iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar "L+R Propanol PT1 Family" de chineál táirge 1 a údarú, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug siad daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hEilvéise meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-MU051242-25 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is iad própán-1-ól própán-2-ól na substaintí gníomhacha atá in "L+R Propanol PT1 Family", ar substaintí iad a airítear ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta le haghaidh PT 1 dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(3) An 29 Márta 2021, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnachta mar aon le conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht").

(4) An 4 Samhain 2021, chuir an Ghníomhaireacht tuairim faoi bhráid an Choimisiúin ([2]), tuairim lenar áiríodh an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh "L+R Propanol PT1 Family" agus an tuarascáil mheasúnachta dheiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur fine táirgí bithicídeacha atá in "L+R Propanol PT1 Family" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe le haghaidh údarú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 22 Samhain 2021, sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú ón Aontas le haghaidh "L+R Propanol PT1 Family" a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ó ECHA an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an údarú ón Aontas le haghaidh "L+R Propanol PT1 Family" (ECHA/BPC/291/2021), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú ón Aontas ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027466-0000 do Lohmann & Rauscher International GmbH&Co.KG maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha "L+R Propanol PT1 Family" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú ón Aontas bailí ón 31 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2032

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

L+R Propanol PT1 Family

Cineál táirge 1 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0027466-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0027466-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	L+R Propanol PT1 Family

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Lohmann & Rauscher International GmbH & Co. KG
	Seoladh	Westerwaldstrasse 4, 56579 Rengsdorf An Ghearmáin
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0027466-0000	
Dáta an údaraithe	31 Iúil 2022	
Dáta éaga an údaraithe	30 Meitheamh 2032	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Lohmann & Rauscher International GmbH & Co. KG
Seoladh an déantóra	Westerwaldstrasse 4, 56579 Rengsdorf An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	A.F.P. Antiseptica Forschungs- und Produktionsgesellschaft mbH, Otto-Brenner-Straße 16-18, 21337 Lüneburg An Ghearmáin

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol

Ainm an déantóra	INEOS Solvent Germany GmbH
Seoladh an déantóra	Römerstrasse 733, 47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	INEOS Solvent Germany GmbH, Römerstrasse 733, 47443 Moers An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	OQ Chemicals GmbH (formerly OXEA)
Seoladh an déantóra	Rheinpromenade 4a, 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	OQ Chemicals Corporation, 2001 FM 3057 (formerly OXEA Corporation), TX 77414-2968 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	Sasol Chemie GmbH & Co. KG
Seoladh an déantóra	Secunda Chemical Operations, Sasol Place, 50 Katherine Street, 2090 Sandton An Afraic Theas
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Secunda Chemical Operations, PDP Kruger Street, 2302 Secunda An Afraic Theas

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	BASF SE
Seoladh an déantóra	Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0	30,0
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhgh-níomhach	112-72-1	204-000-3	0,0	0,95

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	meta SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0	30,0
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhghníomhach	112-72-1	204-000-3	0,95	0,95

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1**

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal inlasta. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Seachain análú gala. Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. Stóráil in áit atá aeráilte go maith.Coinnigh fionnuar. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig i ngléasra formheasta diúscartha dramhaíola.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1. Úsáid # 1 – Díghalrán lámh sláinteachais

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon — ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile, rannóga na n-othar seachtrach, ionaid sláinte, tithe altranais (cúram baile d'othair san áireamh) — ceaintíní ospidéil, cistineacha móra, tionscail chógaisíochta, láithreáin táirgthe, saotharlanna: díghalrán lámh sláinteachais ar lámha atá glan agus tirim — úsáid ghairmiúil amháin.

Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml ar a laghad (úsáid dáileoirí, mar shampla socraigh ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga teagmhála: 30 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dighalrán lámh sláinteachais, úsáid 3 ml den táirge chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 30 soicind.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2. Úsáid # 2 – Díghalrán lámh máinliachta

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile: dígh alrán lámh máinliachta ar lámha agus ar rítheacha atá glan agus tirim. Úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml gach uair (úsáid dáileoirí, mar shampla socraithe ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga nochta: 90 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1 000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dígh alrán lámh máinliachta, úsáid an líon 3 ml agus is gá chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 90 soicind.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 1

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** [1] **MAIDIR LE META SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Úsáid ghairmiúil amháin.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil leis na súile.

Coimeád as aimsiú leanaí.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le neart uisce láithreach. Ina dhiaidh sin, bain na héadaí éilithe go léir agus nigh iad sula n-úsáidfear arís iad. Lean den chraiceann a ní le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer agus coimeád socair é, i riocht ina bhféadfaidh sé anáil a tharraingt go réidh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

Faisnéis don phearsanra cúram sláinte/dochtúir:

Ní mór go ndéanfaí na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir más rud é gur nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní nó aigéid mar aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh an béal láithreach. Tabhair rud éigin le n-ól don duine nochta, más féidir leis slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

I ndiaidh an doirte: Tóg suas é le hábhar ionsúiteach (mar shampla, gaineamh, cré ionfúsórach, ceanglóir uilíoch). Nuair a phioctar suas é, plé leis an ábhar mar atá forordaithe faoi "Ceisteanna diúscartha".

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór go ndéanfaí an t-iarmhar a bhaint go hiomlán den phacáistíocht agus a dhiúscairt ansin i gcomhréir leis na rialacháin maidir le diúscairt dramhaíola.

Ní mór an phacáistíocht nár folmhaíodh i gceart a dhiúscairt i bhfoirm dhiúscartha atá sonraithe ag an gcuideachta dhiúscartha réigiúnach.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Bearta teicniúla agus coinníollacha stórála:

Seilfré: 36 mhí

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht agus tirim, agus déan é a stóráil in áit atá fionnuair agus dea-aeráilte. Cosain ó sholas díreach na gréine.

Teocht stórála a mholtar: 0-30 °C

Ceanglais le haghaidh seomraí agus soithí stórála:

Ní mór go ndúnfaí go cúramach coimeádáin atá ar oscailt agus go gcoinneofaí ina seasamh iad chun sceitheadh a chosc. Coinnigh i gcónaí i gcoimeádáin atá comhdhéanta den ábhar céanna as a raibh an bunchoimeádán déanta.

Comhairle faoi chóimeáil stórais:

Ná stóráil le chéile le: substaintí ocsaídithe, substaintí uath-indóite.

[1] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

6. **FAISNÉIS EILE**

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	L+R handdisinfect blue		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0
Tetradecanol	Myristil alcohol	Substaint neamhghníom-hach	112-72-1	204-000-3	0,95

META SPC 2

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 2**

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 2**

Aitheantóir	meta SPC 2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0	30,0

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 2**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 2**

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal inlasta. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Seachain análú gala. Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte. MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. Stóráil in áit atá aeráilte go maith.Coinnigh fionnuar. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig i ngléasra formheasta diúscartha dramhaíola.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 2**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3. Úsáid # 1 – Díghalrán lámh sláinteachais

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon — ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile, rannóga na n-othar seachtrach, ionaid sláinte, tithe altranais (cúram baile d'othair san áireamh)

	— ceaintíní ospidéil, cistineacha móra, tionscail chógaisíochta, láithreáin táirgthe, saotharlanna: díghalrán lámh sláinteachais ar lámha atá glan agus tirim — úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml ar a laghad (úsáid dáileoirí, mar shampla socraigh ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga teagmhála: 30 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1 000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dighalrán lámh sláinteachais, úsáid 3 ml den táirge chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 30 soicind.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4. Úsáid # 2 – Díghalrán lámh máinliachta

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Neamhábhartha.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Baictéir

	Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: Míceabhaictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: other Gnáthainm: viruses (limited spectrum of virucidal activity) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon ospidéil agus institiúidí cúram sláinte eile: díghalrán lámh máinliachta ar lámha agus ar rítheacha atá glan agus tirim. Úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: 3 ml gach uair (úsáid dáileoirí, mar shampla socraithe ag 1,5 ml an buille, 2 bhuille/3 ml). Íos-aga nochta: 90 soic. Airí caolaithe: táirge atá réidh le húsáid Airí uainithe: Níl aon srian curtha le líon na n-uaireanta a chuirtear an táirge ort ná lena n-uainiú. Ní gá eatraimh sábháilteachta a chur san áireamh idir na hamanna a chuirtear an táirge ort. Is féidir an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100ml, 500ml agus 1 000ml i mbuidéil thrédhearcacha HDPE le caipín smeacha PP.

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Is féidir na táirgí a chur ort go díreach nó is féidir dáileoir nó caidéal a úsáid leo.

Don dígalrán lámh máinliachta, úsáid an líon 3 ml agus is gá chun go mbeidh na lámha fliuch ar feadh 90 soicind.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta úsáide le haghaidh meiti-SPC 2

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE** [2] **MAIDIR LE META SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

Úsáid ghairmiúil amháin.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil leis na súile.

Coimeád as aimsiú leanaí.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le neart uisce láithreach. Ina dhiaidh sin, bain na héadaí éilithe go léir agus nigh iad sula n-úsáidfear arís iad. Lean den chraiceann a ní le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer agus coimeád socair é, i riocht ina bhféadfaidh sé anáil a tharraingt go réidh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

Faisnéis don phearsanra cúram sláinte/dochtúir:

Ní mór go ndéanfaí na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir más rud é gur nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní nó aigéid mar aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh an béal láithreach. Tabhair rud éigin le n-ól don duine nochta, más féidir leis slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh liachta a fháil.

I ndiaidh an doirte: Tóg suas é le hábhar ionsúiteach (mar shampla, gaineamh, cré ionfúsórach, ceanglóir uilíoch). Nuair a phioctar suas é, plé leis an ábhar mar atá forordaithe faoi "Ceisteanna diúscartha".

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Ní mór go ndéanfaí an t-iarmhar a bhaint go hiomlán den phacáistíocht agus a dhiúscairt ansin i gcomhréir leis na rialacháin maidir le diúscairt dramhaíola.

Ní mór an phacáistíocht nár folmhaíodh i gceart a dhiúscairt i bhfoirm dhiúscartha atá sonraithe ag an gcuideachta dhiúscartha réigiúnach.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Bearta teicniúla agus coinníollacha stórála:

Seilfré: 36 mhí

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht agus tirim, agus déan é a stóráil in áit atá fionnuair agus dea-aeráilte. Cosain ó sholas díreach na gréine.

Teocht stórála a mholtar: 0-30 °C

Ceanglais le haghaidh seomraí agus soithí stórála:

Ní mór go ndúnfaí go cúramach coimeádáin atá ar oscailt agus go gcoinneofaí ina seasamh iad chun sceitheadh a chosc. Coinnigh i gcónaí i gcoimeádáin atá comhdhéanta den ábhar céanna as a raibh an bunchoimeádán déanta.

Comhairle faoi chóimeáil stórais:

Ná stóráil le chéile le: substaintí ocsaídithe, substaintí uath-indóite.

[2] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 2.

6. **FAISNÉIS EILE**

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	L+R handdisinfect 03		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0002 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	L+R handdisinfect 04		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0027466-0003 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0

CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1187 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Iúil 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2022) 4873)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta i dtaca le cabhracha agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún ([2]), na Ballstáit ar mian leo a bheith páirteach i scéim cabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais ("an scéim scoile"), tá siad lena n-iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an gcéad scoilbhliain eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain agus, más infheidhme, nuashonróidh siad an iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an scoilbhliain reatha.

(2) Bunaithe ar an bhfaisnéis ar thug na Ballstáit fógra ina leith faoin 31 Eanáir 2022, socraíodh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 ón gCoimisiún ([3]) leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023.

(3) De bhun Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/861 ón gCoimisiún ([4]), féadfaidh Ballstáit an dara hiarraidh ar chabhair ón Aontas a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Meitheamh 2022 don tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023, a bheidh nasctha leis an ngá atá ann freastal ar leanaí easáitithe ón Úcráin atá incháilithe le bheith rannpháirteach sa scéim scoile.

(4) Sa dara hiarraidh ar chabhair ón Aontas don tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023, chuir an Fhrainc, an Ísiltír, an Ostair agus an tSlóivéin in iúl go mbeidís toilteanach gan úsáid a bhaint as méid iomlán a leithdháilte chríochnaithigh cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus/nó le haghaidh bainne do scoileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493. Thug an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic fógra faoina dtoilteanas níos mó ná a leithdháileadh críochnaitheach cabhrach ón Aontas a úsáid le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus/nó le haghaidh bainne do scoileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493. Níor chuir an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn ná an tSualainn an dara hiarraidh isteach ar chabhair ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus/nó le haghaidh bainne do scoileanna agus, dá bhrí sin, meastar gur dheimhnigh siad a leithdháiltí críochnaitheacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493.

([1]) IO L 346, 20.12.2013, lch. 12.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 maidir le rialacha i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 ón gCoimisiún lena socraítear leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas do na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023 agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/462 (IO L 100, 28.3.2022, lch. 55).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/861 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2022 lena leagtar síos rialacha eisceachtúla maidir le dara hiarrataí ó Bhallstáit le haghaidh cabhair ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna agus ag maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann leis an ath-leithdháileadh, don tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023 (IO L 151, 2.6.2022, lch. 42).

(5) D'fhonn poitéinseal iomlán na gcistí atá ar fáil a uasmhéadú agus aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhaineann leis an scéim scoile a chur chun feidhme mar thoradh ar easáitiú leanaí ón Úcráin de bharr fhogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna don tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Iúil 2023. Agus na méideanna de na leithdháiltí críochnaitheacha ón Aontas nár iarradh á n-ath-leithdháileadh, ba cheart dara hiarrataí na mBallstát ar chabhair ón Aontas a chur san áireamh agus bunófar an t-ath-leithdháileadh ar líon na leanaí idir 6 agus 10 mbliana d'aois atá sa Bhallstát, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/493.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

Scoilbhliain 2022/2023

Ballstát	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna in EUR	Leithdháileadh críochnaitheach le haghaidh bainne do scoileanna in EUR
An Bheilg	3 405 460	1 613 199
An Bhulgáir	2 145 826	1 030 342
An tSeicia	3 515 512	1 784 619
An Danmhairg	1 855 060	1 460 645
An Ghearmáin	20 810 417	9 696 041
An Eastóin	520 903	751 337
Éire	1 811 303	900 398
An Ghréig	3 221 670	1 550 685
An Spáinn	13 292 411	6 302 784
An Fhrainc	16 271 478	16 146 588
An Chróit	1 390 541	800 354
An Iodáil	17 117 780	8 003 535
An Chipir	390 044	400 177
An Laitvia	658 180	711 207
An Liotuáin	966 451	1 081 456
Lucsamburg	295 111	193 000
An Ungáir	3 122 448	1 772 817
Málta	293 504	193 000
An Ísiltír	5 570 944	2 177 837
An Ostair	2 301 768	1 044 680
An Pholainn	12 494 071	10 739 507
An Phortaingéil	3 283 397	2 220 981
An Rómáin	6 900 318	10 455 944
An tSlóivéin	570 823	311 770
An tSlóvaic	1 872 965	960 398
An Fhionlainn	1 599 047	3 824 689
An tSualainn	0	8 998 717
Iomlán	**125 677 429**	**95126707"**

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1188 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a mhéid a bhaineann le Ballstáit nó le codanna díobh a bhformheastar bearta náisiúnta ina leith maidir le galair áirithe ainmhithe uisceacha i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 226(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a bhunaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún ([2]) liostaí na mBallstát agus na gcodanna díobh a mheastar a bheith saor ó ghalair áirithe ainmhithe uisceacha, ar galair iad nach liostaítear faoi Airteagal 9(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2016/429, nó atá faoi réir clár díothaithe i leith na ngalair sin.

(2) Féadfar Ballstáit bhreise nó codanna díobh a chur leis an liosta limistéar atá saor ó ghalar in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, nó leis an liosta limistéar atá faoi réir clár díothaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, má thugtar fógra don Choimisiún roimh ré maidir le haon bheart a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar ghluaiseachtaí ainmhithe uisceacha idir Ballstáit, ionas go bhféadfar na bearta a fhormheas, agus a leasú más gá.

(3) Thug an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Phortaingéil agus an tSlóivéin fógra don Choimisiúin maidir le codanna dá gcríocha ar cheart iad a fhormheas mar áiteanna atá saor ó ghalar i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429. Cuimsíonn siad sin dhá chrios atá saor ó ghalar víreasach heirpéis koi (KHV), agus roinnt deighleog atá saor ó ghalar baictéarach duáin (BKD), KHV nó neacróis phaincréasach thógálach (IPN). Thug an Danmhairg fógra don Choimisiún freisin maidir le roinnt deighleog atá faoi réir cláir dhíothaithe i leith BKD nó IPN, agus ar cheart iad a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis a chuir an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Phortaingéil agus an tSlóivéin isteach maidir leis na bearta náisiúnta a rinne siad, i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429, chun cosc a chur ar na galair sin a theacht isteach nó a leathadh. Glacann an Coimisiún leis go bhfuil gá leis na bearta náisiúnta sin chun cosc a chur ar na galair sin a theacht isteach nó a leathadh. Dá réir sin, ba cheart na bearta náisiúnta sin a fhormheas, agus ba cheart na criosanna agus na deighleoga ina bhfuil siad infheidhme a liostáil in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260.

(5) Dá bhrí sin is iomchuí Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú chun criosanna atá saor ó KHV sa Fhrainc agus san Iodáil, chun deighleoga atá saor ó BKD agus IPN sa Danmhairg, chun deighleoga atá saor ó BKD san Fhionlainn, chun deighleoga atá saor ó KHV sa Fhrainc agus sa Phortaingéil, agus chun deighleoga atá saor ó IPN sa tSlóivéin a chur san áireamh. Ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú freisin chun na deighleoga atá faoi réir cláir dhíothaithe i leith BKD agus IPN sa Danmhairg a chur san áireamh.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1).

(6) Ina theannta sin, thug Éire fógra don Choimisiún gur cheart na deighleoga uile ina críoch atá thíos le víreas heirpéis oisre-1 µvar (OsHV-1µvar), ar deighleoga iad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, a bhaint den liosta. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú chun an t-athrú sin i stádas na ndeighleog atá saor ó OsHV-1µvar in Éirinn a chur san áireamh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú dá réir sin.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

Ballstáit ([1]) nó codanna díobh a mheastar a bheith saor ó ghalair áirithe a bhaineann d'ainmhithe uisceacha agus a bhformheastar na bearta náisiúnta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429

Galar	Ballstát	Cód	Críochú geografach an limistéir a bhformheastar na bearta náisiúnta ina leith
Galar víreasach heirpéis koi (KHV)	An Fhrainc	FR	Crios an Durançole, ó fhoinse na habhann Durançole go dtí a béal ag FR 13092001 CE Ferme Marine de la Durançole Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu leis an uimhir fhormheasta shonraithe: FR 17116001 CE Pisiculture de l'EARL Carpio FR 34023506 CE SCEA les poissons du Soleil FR 34195501 CE Olivier Germaine – Pisciculture FR 39366002 CE Pisciculture du Moulin de Pierre FR 63263022 CE Pisciculture de Fontanas FR 66190003 CE SCEA les poissons du Soleil FR 72261001 CE Ecloserie de l'AAPPMA de Conlie – Bernay – Ruillé FR 72294001 CE Ecloserie de l'AAPPMA 72 – Sougé Le Ganelon
	An Iodáil	IT	Crios lochanna Monticoli a chuimsíonn an gorlann IT004BZ106, an 'Grande lago di Monticolo/Große Montiggler see' agus an 'Piccolo lago di Monticolo/Kleiner Montiggler see'
	Éire	IE	An chríoch iomlán
	An Phortaingéil	PT	An deighleog aonair seo a leanas, is bunaíocht dobharshaothraithe í leis an uimhir fhormheasta shonraithe: PT 06 001 CP Herdade de Entre Águas/PT
	An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	UK(NI)	Tuaisceart Éireann
Víréime carbán an earraigh (SVC)	An Danmhairg	DK	An chríoch iomlán
	An Fhionlainn	FI	An chríoch iomlán
	An Ungáir	HU	An chríoch iomlán
	Éire	IE	An chríoch iomlán
	An tSualainn	SE	An chríoch iomlán

	An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	UK(NI)	Tuaisceart Éireann
Galar baictéarach duáin (BKD)	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu leis an uimhir fhormheasta shonraithe: 42939 Trinbak Dambrug 84470 Brænderigårdens Dambrug 103471 Abildvad Dambrug 103559 Fårup Mølle Dambrug 103587 Trend Å Dambrug 103623 Hårkjær Dambrug 103647 Egebæk Dambrug 103670 Refsgårds Dambrug 103682 Sangild Dambrug 103733 Skade Dambrug 117789 Funderholme Fiskeopdræt 118656 AquaSearch Ova, Billund 118844 Ravning ægpakkeri 128165 Ollerupgård Dambrug
	An Fhionlainn	FI	Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bunaíochtaí dobharshaothraithe gach ceann acu leis na huimhreacha formheasta sonraithe: 177-1/ Hanka-Taimen Oy, 177-2 Vanaja and Venekoski Fish Farms 386-1 Pohjois-Karjalan kalanviljely Oy, Keskijärvi Fish Farm 386-2 Pohjois-Karjalan kalanviljely Oy, Kontiolahti Fish Farm 065-3 Kainuun Lohi Oy, Likolampi Fish Farm 185-2 Terhontammi Oy, Sorsakoski hatchery 383 Kuusamon Jalokala Oy, Käylä hatchery 253-3 Natural Resources Institute Finland - Luke, Taivalkoski Fish Farm
	Éire	IE	An chríoch iomlán
	An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	UK(NI)	Tuaisceart Éireann

Neacróis phaincréasach thógálach (IPN)	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu leis an uimhir fhormheasta shonraithe: 42939 Trinbak Dambrug 83138 Hallesøhuse Dambrug 84470 Brænderigårdens Dambrug 103554 Fruerlund Dambrug 103559 Fårup Mølle Dambrug 103571 Hallesø Dambrug 103623 Hårkjær Dambrug 103640 Munkbro Dambrug 103647 Egebæk Dambrug 103668 Ravning Dambrug 103670 Refsgårds Dambrug 103682 Sangild Dambrug 103802 Ådal Dambrug 103910 Piledal Dambrug 104106 Hallundbæk Dambrug 106296 Mølbjerg Dambrug 106314 Ravningkær Dambrug 117789 Funderholme Fiskeopdræt 118656 AquaSearch Ova, Billund 118844 Ravning ægpakkeri 121851 Gadegård Dambrug 122355 FREA 125770 Aquasearch Ova 128165 Ollerupgård Dambrug 129695 Ravning Avlsstation
	An Fhionlainn	FI	Codanna ilchríochacha na críche
	An tSlóivéin	SI	Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu leis an uimhir fhormheasta shonraithe: SIRIB050108 Pšata SIRIB120102 Ilirska Bistrica
	An tSualainn	SE	Codanna ilchríochacha na críche
Ionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris* (GS)	An Fhionlainn	FI	Dobharcheantair an Tenojoki agus an Näätämöjoki; meastar gur criosanna maolánacha iad dobharcheantair an Paatsjoki, an Tuulomajoki, agus an Uutuanjoki
	Éire	IE	An chríoch iomlán
	An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	UK(NI)	Tuaisceart Éireann

Víreas heirpéis oisre - 1 µvar (OsHV-1 µvar)	An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	UK(NI)	Críoch Thuaisceart Éireann seachas Cuan Dhún Droma, Cuan Chill Locha, Loch Feabhail, Loch Cairlinn, Loch Latharna agus Loch Cuan
Ionfhabhtú le halfa-víreas salmainide (SAV)	An Fhionlainn	FI	Codanna ilchríochacha na críche

([1]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

IARSCRÍBHINN II

Ballstáit [1] nó codanna díobh a bhfuil cláir dhíothaithe acu maidir le galair áirithe a bhaineann d'ainmhithe uisceacha agus a bhformheastar na bearta náisiúnta ina leith i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429

Galar	Ballstát	Cód	Críochú geografach an limistéir a bhformheastar na bearta náisiúnta ina leith
Galar baictéarach duáin (BKD)	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bhunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu leis an uimhir fhormheasta shonraithe: 92158 Hørup Mølle Dambrug 108516 Hulsig Dambrug 118738 Øster Højgård Avlsdambrug 122491 Tarp dambrug 129695 Ravning Avlsstation
	An tSualainn	SE	Codanna ilchríochacha na críche
Neacróis phaincréasach thógálach (IPN)	An Danmhairg	DK	Na deighleoga aonair seo a leanas, inar bunaíocht dobharshaothraithe gach ceann acu leis an uimhir fhormheasta shonraithe: 92158 Hørup Mølle Dambrug 103606 Lundby Dambrug 108516 Hulsig Dambrug 122491 Tarp dambrug
	An tSualainn	SE	Codanna cois fharraige na críche

[1] I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann."

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1189 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2022

maidir le bearta áirithe eatramhacha éigeandála a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Ghearmáin

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)4962)

(Is é an téacs sa Ghearmáinis amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád, tá baol suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile muc-ainmhithe atá ar coimeád.

(3) Le Rialachán Tarmligthe 2020/687 ([2]) forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagal 21 agus Airteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráige de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear fiabhras Afracach na muc, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc. Go háirithe, déantar foráil le hAirteagal 3, pointe (a) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc; i muc-ainmhithe atá ar coimeád, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(5) Chuir an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas faoi stad fhiabhras Afracach na muc ina críoch faoi láthair, tar éis ráig den ghalar sin i measc muc-ainmhithe ar coimeád i stát na Sacsaine Íochtaraí a deimhníodh an 1 Iúil 2022, agus, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, bhunaigh sí crios srianta ina bhfuil crios cosanta agus crios faireachais, agus ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, IO L 174, 3.6.2020, lch. 64.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc, IO L 129, 15.4.2021, lch. 1.

(6) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun bacainní gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint, is gá an crios srianta i dtaca le fiabhras Afracach na muc, ar crios é ina bhfuil crios cosanta agus crios faireachais, a shainaithint go tapa ar leibhéal an Aontais sa Ghearmáin i gcomhar leis an mBallstát sin.

(7) Dá réir sin, ba cheart na limistéir a aithnítear mar chriosanna cosanta agus faireachais sa Ghearmáin a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart fad an réigiúnaithe sin a shocrú.

(8) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh fhiabhras Afracach na muc, tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Áiritheoidh an Ghearmáin:

(a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach crios srianta ina bhfuil crios cosanta agus crios faireachais i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin;

(b) go gcuimseoidh an crios cosanta agus an crios faireachais dá dtagraítear i mír (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2022.

Airteagal 3

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Limistéir a bunaíodh mar an crios srianta sa Ghearmáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Crios cosanta: **Landkreis Emsland:** Limistéar na gcodanna de Landkreis Emsland atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga trí chiliméadar, a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.367868 E7.293016	
An crios faireachais: **Landkreis Emsland:** Limistéar na gcodanna de Landkreis Emsland a shíneann thar an limistéar a thuairiscítear sa chrios cosanta agus laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga deich gciliméadar, a bhfuil a lárphointe suite ar na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.367868 E7.293016 **Landkreis Grafschaft-Bentheim:** Limistéar na gcodanna de Landkreis Grafschaft Bentheim a shíneann thar an limistéar a thuairiscítear sa chrios cosanta agus laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga deich gciliméadar, a bhfuil a lárphointe suite ar na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N52.367868 E7.293016	14.10.2022

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA